Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 26 Meitheamh 2023 (OR. en)**

**11056/23**

**SOC 472**
**EMPL 326**
**GENDER 130**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne: Ceapachán Csilla VARGA, comhalta malartach don Ungáir, in ionad Rita NAGYLAKI, a d'éirigh as oifig |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas faoi Rita NAGYLAKI a bheith éirithe as oifig mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne i gcatagóir ionadaithe na rialtas (don Ungáir).

2. Le hAirteagal 10 de Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 an 20 Nollaig 2006[1], foráiltear, *inter alia*, gur cheart don Chomhairle ocht gcomhalta dhéag, chomh maith le comhaltaí malartacha, a cheapadh ar Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne ar feadh tréimhse 3 bliana. Déanfaidh na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha arna gceapadh ionadaíocht ar ocht mBallstát déag in ord na nUachtaránachtaí rothlacha, agus ainmneoidh gach Ballstát comhalta amháin agus comhalta malartach amháin.

3. Le Cinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[2], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

[1] IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
[2] IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

4. Tá an t-iarrthóir seo a leanas molta ag Rialtas na hUngáire chun ionad an chomhalta mhalartaigh a d'éirigh as oifig a ghlacadh, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025:

Csilla VARGA
Oifigeach Beartais um Chaidreamh Idirnáisiúnta
An tAonad um Beartas na mBan
An Aireacht Cultúir agus Nuálaíochta
Szalay utca 10-14
1055 Búdaipeist
An Ungáir
Teil: +36 1 7953176
R-phost: csilla.varga2@kim.gov.hu

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena n-ionadaítear comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne, a ghlacadh mar mhír 'A' agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE
an
lena n-ionadaítear comhalta malartach
de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí
um Chomhionannas Inscne

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1922/2006 ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 lena mbunaítear an Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne[3], agus go háirithe Airteagal 10 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis an gCinneadh uaithi an 24 Bealtaine 2022[4], rinne an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne a cheapadh don tréimhse dar críoch an 31 Bealtaine 2025.

(2) Tá suíochán comhalta mhalartaigh i gcatagóir ionadaithe na rialtas tagtha chun bheith folamh anois ó tharla Rita NAGYLAKI a bheith éirithe as oifig.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag rialtas na hUngáire don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

3 IO L 403, 30.12.2006, lch. 9.
4 IO L 147, 30.5.2022, lch. 42.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Csilla VARGA ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta na hInstitiúide Eorpaí um Chomhionannas Inscne in ionad Rita NAGYLAKI, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha a dtiocfaidh deireadh leis an 31 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán